
# Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

## BILEOG EOLAIS


**A Chónaitheoir/A Úinéir Ghnó,**
**Tá eolas le fáil sa bhileog seo faoi Thionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach.**

**Is tionscadail iompair é Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach (Tionscadal C2CC) a bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as. Tá sé á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.**




Soláthróidh sé 8km saoráidí siúil agus 6km saoráidí rothaíochta d'ardchaighdeán agus 5.4km de bhonneagar tosaíochta bus. Síneann an scéim seo ó Bhóthar Chluain Tarbh ag an acomhal le Bóthar Ailf Uí Bhroin, chomh fada le Sráid Amiens ag an acomhal le Sráid Thalbóid.

Cuirtear eolas ar fáil sa bhileog seo faoi cén áit agus cathain a bheartaítear an chéad chéim d'oibreacha tógála a dhéanamh ó Mhárta go Lúnasa i mbliana.




**Stráice 2,6,7 ag tosú 26ú Márta**

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Clár an Tionscadail
2. Bainistíocht Tráchta
3. Sonraí Teagmhála
4. Nuashonruithe Breise



## 1 CLÁR TIONSCADAIL 2022

Cheap Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Clonmel Enterprises Ltd. mar chonraitheoir tionscadail do Thionscadal C2CC.

Cuireadh tús le roinnt oibreacha cumasúcháin i mí Feabhra agus leagadh roinnt crann. Cuirfear tús le bainistíocht tráchta ar an 26 Márta do na príomhoibreacha tógála ag a bheidh ag tosú ar 28 Márta.

Cuirfear na hoibreacha i gcrích i seacht stráice. Is iad seo:

- **Stráice 1** – Ó Shráid Thalbóid go Sráid Buckingham
- **Stráice 2** – Ó Shráid Buckingham go dtí Acomhal na gCúig Lampa ag Rae Portland
- **Stráice 3** – Ó Acomhal na gCúig Lampa go Plás Annesley
- **Stráice 4** – Ó Phlás Annesley go Rae na Poibleoige
- **Stráice 5** – Ó Rae na Poibleoige go Trá Fhionnradhairc
- **Stráice 6** – Ó Thrá Fhionnradhairc go Bóthar Mhullach Íde
- **Stráice 7** – Ó Bhóthar Mhullach Íde go Bóthar Ailf Uí Bhroin

Titfidh oibreacha amach ar Stráice 2, 6 agus 7 i rith 2022, agus tá súil leis go gcuirfear i gcrích iad in Eanáir 2023, agus go gcuirfear na stráicí eile i gcrích in 2023.



### DÁTA BEARTAITHE LE HAGHAIDH OIBREACHA

**Stráicí 2, 6 agus 7 Isteach**
↓
**Ó Mhárta go Meitheamh 2022**

**Stráice 2, 6 agus 7 Amach**
↓
**Ó Iúil go Nollaig 2022**


**Stráice 3, 4 agus 5**
↓
**I rith 2023**

# 2 BAINISTÍOCHT TRÁCHTA


Titfidh oibreacha tógála amach feadh an taoibh isteach de Stráicí 7, 6 agus 2. I Stráice 2 agus 6 déanfar ceithre lána tráchta a chothabháil, dhá lána isteach agus dhá lána amach, lána tiomnaithe bus agus tráchta a chothabháil i gceachtar treo. Déanfar roinnt stadanna bus a bhogadh go sealadach nó a dhúnadh go sealadach Féach íomhánna thíos.




Stráice 2, Sráid Amiens - Sráid Buckingham Íochtarach go dtí Acomhal na gCúig Lampa ag Rae Portland - Márta go Meitheamh 2022




Oibreacha Stráice 6, Trá Fhionnradhairc go Bóthar Mhullach Íde - Márta go Meitheamh 2022



Acomhal Bhóthar Chluain Tarbh agus Bhóthar Ailf Uí Bhroin- Márta go Bealtaine 2022

## 3 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS LEIS AN GCONRAITHEOIR

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Tionscadal C2CC nó más mian leat teagmháil a dhéanamh linn, féach ar na roghanna thíos::

- Láithreán gréasáin an tionscadail: www.c2cc.ie · Ríomhphost: activetraveloffice@dublincity.ie agus scríobh an teideal seo a leanas isteach sa líne ábhair: Tionscadal C2CC
- Seoladh Poist an Tionscadail: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Tionscadal C2CC, An Roinn Comhshaoil & Iompair, Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.
- Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Clonmel Enterprises Ltd.
- Teagmhálaí Éigeandála 24 uair an chloig: 086 032 4904
- Ríomhphost: c2cc@clonmelent.com
- Láithreán gréasáin: www.clonmelent.com

## 4 LÍNÍOCHTAÍ AGUS NUASHONRUITHE BREISE

Cuireadh líníochtaí dearaidh de Thionscadal C2CC ar fáil le hamharc orthu ag na leabharlanna áitiúla seo a leanas:

- Leabharlann Mheal Charleville, an Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
- Leabharlann Marino, 14-20 Marglann Marino, Baile Átha Cliath 3

Is féidir amharc ar íomhánna breise, líníochtaí tírdhreacha agus tuairisc dhearaidh ríochta poiblí don Tionscadal ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach ar Láithreán Gréasáin Thionscadal C2CC Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: www.c2cc.ie